C/2025/6376

25.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12209 — ANTIN / SUBSIDIARIES OF LUSAT AIR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6376)

1. An 13 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Antin Infrastructure Partners S.A.S. ('Antin', an Fhrainc),

— Swiftair, S.A. (an Spáinn), Aircraft Leasing Spain, S.L. (an Spáinn), Corporación Ygnus Air, S.A. (an Spáinn), Lusat Air Leasing Ireland Ltd. (Éire), Swedish ATP Management AB (an tSualainn) agus West Atlantic AB (an tSualainn) (le chéile an 'Spriocghrúpa'), faoi rialú Lusat Air, S.L. (an Spáinn).

Gheobhaidh Antin rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghrúpa ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh neamhspleách é Antin a dhíríonn ar infheistíochtaí bonneagair,

— Tá aerlínte cairtfhostaithe lasta agus paisinéirí faoi úinéireacht an Spriocghrúpa agus á n-oibriú aige. Tá sé gníomhach i soláthar léasaithe tráchtála aerárthaí le haghaidh iompar aerlasta, agus iompar paisinéirí ar eitiltí sceidealaithe agus cairtfhostaithe. Soláthraíonn an Spriocghrúpa tairiscintí gaolmhara freisin, lena n-áirítear criú aerárthaí, árachas agus seirbhísí cothabhála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12209 — ANTIN / SUBSIDIARIES OF LUSAT AIR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË